# Torthaí Bliantúla 2015 fógartha ag BSL

***Beagnach €1.5 billiún i ndíbhinní íoctha le Státchiste na hÉireann***

*Dé Luain an 14 Márta 2016*

**Buaicphointí:**

- Brabús i ndiaidh Úis agus Cánach - €286 milliún (ardú €71m ó 2014)
- Infheistíocht chaipitiúil – €873 milliún (laghdú €87 milliún ó 2014)
- Díbhinní – íocadh €273 milliún i rith 2015 (díbhinní speisialta €214 milliún san áireamh)
- Sábháil ar Chostas Oibríochta – €270 milliún i sábháil bhliantúil athfhillteach ó 2010

**Brabúsacht**

D'fhoilsigh BSL a Thuarascáil Bhliantúil agus a ráitis airgeadais do 2015 inniu, ina dtuairiscítear:

- Brabús oibriúcháin €635 milliún, gan míreanna eisceachtúla san áireamh[1], ardú €83 milliún ó 2014 agus
- Brabús i ndiaidh Úis agus Cánach - €286 milliún (ardú €71m ó 2014)

Fáil níos fearr a bheith ar fhearas giniúna BSL, ardú ó 86% go 92%,is mó ba chúis leis an ardú ar bhrabús. Maidir leis na torthaí, dúirt Príomhfheidhmeannach BSL, Pat O'Doherty, "I bhfianaise iomaíocht níos géire, is léiríonn na torthaí go bhfuil Grúpa BSL ag feidhmiú go fónta. Tá BSL dírithe ar luach a sholáthar dár gcuid custaiméirí, dár ngeallsealbhóirí agus do gheilleagar na hÉireann i gcoitinne, agus táimid in ann é sin a dhéanamh trí staid láidir airgeadais a choimeád.

"Tá sábháil athfhillteacha suntasacha €270m bainte amach ag BSL tríd an gclár feabhsaithe feidhmíochta a tosaíodh in 2010. Tá an clár sin ríthábhachtach maidir le brabúsacht BSL a choimeád."

**Geallsealbhóirí**

Chuir an íocaíocht díbhinne €214 milliún i mí Eanáir 2015 deireadh leis an gclár díbhinní speisialta €400 milliún a comhaontaíodh leis an Rialtas in 2012. Tá beagnach €1.5 billiún íoctha i ndíbhinn le deich mbliana anuas.

Bhain BSL Toradh ar Chaipiteal arna Úsáid (ROCE) 6.5% amach in 2015, a bhí níos airde ná in 2014 (6.0%), agus ag teacht lena gcomhghleacaithe san Eoraip.

**Custaiméirí**

Chuir ESB Networks os cionn 7,000 fabht ina gceart i rith na stoirmeacha móra i mí na Nollag 2015 agus thug leictreachas ar ais do níos mó ná 350,000 custaiméir.

Rinne Electric Ireland, gnó soláthair BSL, laghdú 4% ar phraghas leictreachais do chustaiméirí baile ó mhí na Samhna 2014. D'fhógair siad laghdú ar phraghas an gháis do chustaiméirí baile freisin in 2015, arbh fhiú 5% ar an iomlán é. Ciallaíonn sin gur shábháil custaiméirí débhreosla (custaiméirí a úsáideann leictreachas agus gás) os cionn €90 in aghaidh na bliana ó mhí na Samhna 2014. Leanfaidh Electric Ireland ar aghaidh ag déanamh monatóireachta ar mhargaí fuinnimh agus cuirfidh an tsábháil ar phraghsanna ar aghaidh chuig custaiméirí de réir mar a thagann siad chun cinn.

Cuireann Electric Ireland béim láidir ar sheirbhís do chustaiméirí freisin, agus ar tháirgí iomaíocha agus nuálacha a fhorbairt, lena n-áirítear leictreachas 'Íoc Mar a Úsáidtear' do chustaiméirí baile. Is ag Electric Ireland a bhí an rátáil sástachta custaiméirí ab airde (arna dtomhas ag an gCoimisiún um Rialáil Fuinnimh) as na soláthróirí leictreachais go léir in 2015. Thit an líon custaiméirí a dhícheangail ó Electric Ireland arís in 2015 nuair a dícheanglaíodh níos lú ná 30 custaiméir in aghaidh an 10,000 custaiméir a bhí ceangailte.

**Geilleagar na hÉireann**

D'infheistigh BSL €780 milliún in infreastruchtúr fuinnimh ríthábhachtach ar fud oileán na hÉireann i rith 2015.

Cuireann BSL os cionn €2 billiún le geilleagar na hÉireann gach bliain trí dhíbhinní, infheistíochtaí, cáin agus poist. Cuireann BSL fostaíocht shuntasach ar fáil go díreach, le 7,300 fostaí, agus go hindíreach via conraitheoirí agus soláthróirí seirbhísí.

Tá fáil ar Thuarascáil Bhliantúil agus ar ráitis airgeadais BSL anseo.

---

[1] Míreanna eisceachtúla:

2015: Muirear lagaithe (€104 milliún) a bhaineann le dhá shócmhainn giniúna - Corby sa RA (€58m) mar thoradh ar bhrú leanúnach ar phraghsanna leictreachais mhórdhíola sa RA agus Cúil Chaorach i dTuaisceart Éireann (€46m) de bharr laghdú ar láithreacht an fhearais i margadh fuinnimh na hÉireann. Is ionann an lagú sócmhainne giniúna sin agus níos lú ná 1% de shócmhainní iomlána BSL ag deireadh 2015.

2014: Gnóthachan (€94 milliún) a léiríonn luach cóir sciar 50% BSL i gcomhfhiontar SIRO le Vodafone agus diúscairt scairsheilbh BSL in BizkaiaEnergia SL (€38 milliún), fearas cumhachta Spáinneach, mar chuid den chlár díolacháin acmhainneachta giniúna neamh-straitéiseach.
Torthaí Bliantúla 2015 fógartha ag BSL